

CLUB CHONRADH NA GAEILGE

6 SRÁID FHEARCHAIR, BAILE ÁTHA CLIATH 2

BUNREACTH

FAOI MAR A LEASAÍODH AG OLLCHRUINNIÚ SPEISIALTA NA mBALL, 1 IÚIL 2012

AINM AGUS CUSPÓIRÍ

1. Is é ainm an Chlub ná “Club Chonradh na Gaeilge”.
2. Is iad cuspóirí an Chlub deis a chur ar fail do na baill caidreamh sóisialta, siamsa agus caitheamh aimsire a bheith acu trí mheán na Gaeilge, agus a bheith páirteach in aon sochar de chuid an Chlub.

Oifigh agus Coiste

3. Is faoi stiúradh agus cheannas an Choiste a bheas gnó agus curaimí an Chlub.

Na daoine seo leanas a dhéanfas an Coiste:

(a) OIFIGH AN CHLUB, An Cathaoirleach, an Leasathaoirleach, an Rúnaí Oinigh, an Cisteoir Oinigh, an tOifigeach Caidreamh Poiblí, an tIarchathaoirleach is déanaí.

(b) Ochtar ball eile a thogfar ag an Ollchruinniú cinn bhliana. Beidh de chumhacht ag an gCoiste nua gach bliain duine a bheas ainmnithe chuige sin ag Coiste Gnó Chonradh na Gaeilge a chomhthoghadh mar bhall den choiste, ar an gcoinníoll gur ball den Chlub an duine céanna.

Tig leis an gCoiste leas a bhaint as a gcuid cumhachta agus a gcuid dualgas a chomhlíonadh, d’ainneoin folúntas ina líon aon uair.

4. Ní hintofa ball — seachas buanbhall — ar an gCoiste go dtí go mbeidh sé nó sí ina bhall nó ina ball den Chlub dhá bhliain as a chéile agus ní hintofa é nó í mar oifigeach den Chlub go dtí go mbeidh sé nó sí ina bhall nó ina ball trí bliana as a chéile.

5. Ní leanfaidh duine ar bith ina C(h)athaoirleach níos faide ná trí (3) bliana as a chéile agus duine ar bith a bhí ina C(h)athaoirleach tráth, ní hintofa é nó í mar Chathaoirleach go dtí go mbeidh bliain slán tar éis dá t(h)éarma oifige is déanaí a dhúl in éag.

Mura bhfuil duine ainmnithe mar Chathaoirleach, beidh cead ag an gcoiste nua duine a chomhthoghadh chun na hoifige sin. Fiú amháin i gcás nach bhfuil na bliain caite as oifig aige/aici.

- 6 Faoi réir a bhfuil ráite thuas, leanfaidh gach ball den Choiste in oifig go ceann bliana amháin ón gcéad lá de mhí Eanáir go dtí an lá deireanach de mhí na Nollag dár gcionn nuair a bheidh sé nó sí intofa athuair.

7. Ball den Chlub a bheas i bhfiacha don Chlub ar dháta ainmnithe na n-iarrthóirí nó aon uair idir an dáta sin agus trí mhí roimhe sin, ní bheidh sé nó sí inainmnithe ná intofa d’áit ar bith ar an gCoiste. Ní mór an táille ballraíochta a bheith íoctha ag gach ball den Choiste, seachas buanbhaill agus Padraig Ó Riain, roimh thosach an chéad chruinnithe den Choiste tar éis Ollchruinniú na mBall.

8. Fógrófar sa Chlub gach bliain go bhfuil foirm ainmnithe le fail ón Rúnaí Oinigh ag ball cláraithe ar bith. Gach foirm ar a mbeidh breactha ainm gach iarrthóra ag a bhfuil moltóir agus cuiditheoir go dtoghfaí é nó í don Choiste, maille le hainmneacha na moltóirí agus na cuiditheoir, seolfar ar ais ionas go sroichfidh sí an Rúnaí Oinigh roimh / ar an spriocdháta léirithe ag Fógra Ollchruinniú na mBall, mar atá i mír 41. Taispeántar na hainmnithe a fhaightear amhlaidh-ach amháin nuair atá an Rúnaí Oinigh tar éis fhios a fháil ar aisghairmeacha - ar Pháipéar Ballóide speisialta go dtabharfar cóip de do gach Ball ag Ollchruinniú na mBall agus go gcuirfear cóip de tríd an ngnáthphost chuig gach ball seachtain ar a laghad roimh an gcruinniú sin.

I gcás gan a dhóthain ainmnithe a fháil de réir na rialacha, beidh sé de chumhacht ag an gCoiste an ganntanas ainmnithe a líonadh ag cruinniú an choiste, nó ón urlár ag an Ollchruinniú le haghaidh Coisteoirí agus Oifigigh ach an bhallríocht chuí a bheith ag an té a molta.

9. Ní bheidh ceart vótála ag Ball ach amháin má tá siad i láthair go pearsanta chun na Páipéir Bhallóide a ghlacadh agus a shíneadh isteach.

10. Ag Ollchruinniú na mBall ceapfar beirt scrúdaitheoir nó níos mo, a osclóidh na Páipéir Bhallóide, a chomhairfidh na vótaí agus a nochtfaidh na torthaí don Chathaoirleach. Cuirfidh an Cathaoirleach na torthaí sin in iúl trí fhorógra ar Chlár an Chlub nó in athrach slí, de réir mar is cuí leis. Tabharfaidh an Rúnaí Oinigh nó an Cláraitheoir, más ann dó nó di, cabhair do na scrúdaitheoirí maidir le cáilíocht na vótálaí.

11. Beidh de chumhacht ag an gCoiste breithiúnas a thabhairt ar aon ní nach riartar go díreach ag na rialacha, searbhóntaí agus fostaithe a cheapadh ar aimsir ar cibé téarmaí agus coinníollacha a shocróidh an Coiste, Fochoistí a cheapadh i gcomhair an uile shórt, baill a fhíneáil, a chur ar fionraí nó a dhíbirt, agus pé Fodhlíthe a dhéanamh, agus ó am go ham a leasú, a mheasfaidh siad a bheith riachtanach chun an Club a stiúradh, ar an gcoinníoll nach sáraíonn na Fodhlíthe sin Rialacha an Chlub agus nach gcuirfear aon Fhodhlí nua i bhfeidhm go dtí go mairfidh sé ar taispeántar ar an gClár Fógraí go ceann seacht lá, nó go dtí go seoltar coip de chuig gach ball.

12. Tiocfaidh an Coiste le chéile uair sa mhí ar a laghad — ach amháin i rith laethanta saoire an tsamhraidh agus is é an córam a bheas ann dó ná cúigear ball. Is é a rachaidh i gceannas ná an Cathaoirleach. I gcás an Cathaoirleach a bheith as láthair is é an Leasathaoirleach a rachaidh i gceannas. I gcás an Cathaoirleach agus an Leasathaoirleach a bheith as láthair is é a rachaidh i gceannas ná ball a ainmnítear uathu sin a bheas i láthair ag an am a bheidh socraithe don chruinniú. Réiteoidh tromlach na vótaí gach ceist, agus i gcás cothromais beidh vóta réitigh ag an gCathaoirleach i dteannta a g(h)náthvóta.

13. Má bhíonn aon bhall den Choiste as láthair ag trí chruinnithe as a chéile, éireoidh sé nó sí as a bheith ina b(h)all de.

14. I gcás folúntas ar an gCoiste a tharlú de chúis ar bith, beidh sé de chumhacht ag fuílleach na mball den Choiste an folúntas a líonadh trí chomhthoghadh.

15. Beidh Oifigigh an Chlub ina “mBuanchoiste”, gur córam dó triúr, le lánchumhacht gnóthaithe idir cruinnithe den Choiste i gcás práinneacht a tharlú.

16. Coinneofar liosta Feidhmeannach, agus ainmneacha agus seolta na mball uile, maille le coip de Rialacha an Chlub, ar taispeánt in áit shuntasach in Áitreabh an Chlub. Beidh sé de dhualgas ar gach ball a c(h)ruinnsheoladh poist, agus an uile athrú a thiocfadh air, a chur in iúl i scríbhinn don Rúnaí Oinigh. Don uile chríoch de na Rialacha seo, gach fógra, foirm, litir nó scéala a dhíreofar do bhall, agus a sheolfar chuige nó chuici tríd an ngnáthphost réamhíoctha don seoladh is déanaí luaite aige nó aici mar atá réamhraithe, toimhdeofar go dochloíte gur shroich sé é nó í ag an uair nuair ba choir é a sheachadadh chuige nó chuici i ngnáthchúrsa poist.

17. D'ainneoin aon rud sna Rialacha seo, beidh cumhacht ag an gCoiste Bainisteoir a cheapadh ar cibé téarmaí maidir le híocaíocht, téarmaí agus coinníollacha fostaithe agus araile, is cuí leo. Is faoi stiúir an Bhainisteora Bheáir atá na freastalaithe beáir agus is faoi stiúir an Choiste atá an Bainisteoir Beáir

BALLRAÍOCHT AGUS SÍNTIÚIS

18. Beidh teorainn 300 le ballraíocht an Chlub.

19. Is iad is intofa mar bhaill den Chlub na:

- (1) baill chlaraithe de Chonradh na Gaeilge
- (2) cairde ball a mholfar agus a chuideofar leo go cuí

20. Ní ligfear duine faoi 18 mbliana daois mar bhall den Chlub.

21. Ní mor do gach iarrthóir ar bhallraíocht go molfaidh ball den Chlub é nó í agus go gcuideoidh ball eile leis nó léi, agus, más ball den Chonradh é nó í go luafar sin agus cén Chraobh. Moladh iarrthóra, beidh sé i scríbhinn faoi láimh an mholtóra agus an chuiditheora, agus beidh sé i gcibé foirm, agus cuimseoidh sé cibé sonraí, a chinnfidh an Coiste. Cuirfear ainm agus seoladh an iarrthóra, maille le hainmneacha a m(h)oltóra agus a c(h)uiditheora, isteach i leabhar na n-iarrthóirí tráth a m(h)olta, agus ní mor doibh a bheith ar taispeánt sa Chlubsheomra go ceann seacht lá ar a laghad sula bhféadfaidh sé nó sí dul faoi thoghadh.

22. Má tharlaíonn, sár a dtéann an t-iarrthóir faoi thoghadh, go bhfuil éirithe ag a m(h)oltóir nó ag a c(h)uiditheoir as a bheith ina b(h)all, tig le ball eile, ach a (h)ainm a shíniú, ar Leabhar na n-iarrthóirí tráth ar bith nach déanaí na 14 lá roimh an lá a bhfuil an t-iarrthóir le dul faoi thoghadh, áit an chéad mholtóra nó an chuiditheora a thógáil. Más ail le moltóir nó cuiditheoir a (h)ainm a aisghairm, tig leis nó léi déanamh amhlaidh, faoi réir aon rialachán a leagfaidh an Coiste amach, agus, sa chás sin tig le ball eile, ach a (h)ainm a shíniú, ar Leabhar na n-iarrthóirí tráth ar bith taobh istigh de mhí amháin ón aisghairm sin ach nach déanaí na 14 lá roimh an lá ina bhfuil an t-iarrthóir le dul faoi thoghadh, ait an chéad mholtóra nó chuiditheora a thógáil.

23. Aon easnamh nó míchruinneas i sonraí maidir le tuarascáil aon iarrthóra, déanfaidh sé a thoghadh in-neamhnaithe faoi rogha an Choiste.

24. Rachaidh gach iarrthóir faoi thoghadh san ord ina dtaispeántar na hainmneacha i Leabhar na n-iarrthóirí, ar choinníoll go samhlaíonn sé, lá an toghcháin, gur intofa mar bhaill iad.

25. Is é an Coiste a thoghfaidh gach ball agus is gá farasbarr 3 thar 1 i bhfabhar an iarrthóra.
26. Beidh táille ballraíochta ar cibé mhéad a chinnfidh an tOllchruinniú cinn bhliana air ó ham go ham.
27. €35 in aghaidh na bliana an gnáth-tháille ballraíochta don bhliain ach féadfaidh an Coiste táille níos lú a shocrú do mhic léinn, do phinsinéirí (aois 65 nó os a cionn) agus do dhaoine dífhostaithe.
28. (a) Ní ligfear d'aon duine éirí ina b(h)all oinigh nó ina b(h)all sealadach den Chlub, nó ní mhaithfear d'aon duine an táille ballraíochta rialta a íoc ach amháin Padraig Ó Riain, agus ball a chláraigh ar feadh 10 mbliana gan bhriseadh ó bhunú an Chlub ar a thabharfar feasta Ball Onórach Saoil.
- (b) D'ainneoin an méid sin roimhe seo féadfar ballraíocht saoil a chur ar fail ar chostas €1,500. Is féidir é seo a íoc in aon bhabhta amháin nó i gcodanna thar thréimhse nach mó ná cúig bliana é.
- (c) Chomh fada is go bhfuil na híocaíochtaí á n-íoc, tabharfar stádas "Ball Saoil Sealadach" ar an íocóir. I rith thréimhse na híocaíochta ní gá don Bhall Saoil Sealadach an Gnáth-tháille Bhallaíochta a íoc toisc go bhfuil na cearta céanna ag Ball Saoil Sealadach is atá ag Gnáthbhall. Ag deireadh na híocaíochta, aithneofar iad mar Bhall Saoil den Chlub.
- Daoine a chláraíonn/athchláraíonn i ndiaidh 31 Deireadh Fómhair in aon bhliain, beidh siad ródhéanach don bhliain reatha agus rachaidh an t-airgead a thugadar i bhfeidhm don bhliain dar gcionn.
29. Cuirfear fios a t(h)ofa ar bhall nua ar an bpointe ag an Rúnaí Oinigh a sheolfaidh fós chuige nó chuici coip de na rialacha agus de na Fodhlíthe agus a iarrfaidh go n-íocfaí a t(h)aille isteach agus a s(h)íntiús taobh istigh de mhí amháin.
30. Is admháil soiléir é íoc an táille ballraíochta ag gach ball go n-aontaíonn sé nó sí leis na Rialacha agus leis na fodhlíthe agus mura ndéanfar an íocaíocht laistigh den am sonraithe neamhnoidh an toghadh é féin.
31. Tig leis an gCoiste toghadh aon bhall a chealú uair ar bith laistigh de thrí mhí óna c(h)éad táille ballraíochta a íoc, agus ní éigneofar orthu aon fáth a thabhairt chuige, ach aisíocfar a t(h)áille ballraíochta dá leithéid de bhall.
32. Taobh istigh de fiche a haon lá (21) tar éis an chéad chruinniú den Choiste i ndiaidh Ollchruinniú na mBall, cuirfear chuig na baill, cóipeanna de na rúin glactha ag Ollchruinniú na mBall, agus cuirfear in iúl do na baill go bhfuil an táille ballraíochta le híoc, agus torthaí na dtoghchán.
- Ní bheidh aon bhall i dteideal díolúine ó aon riail toisc amháin ná fuair sé nó sí scéala faoin íocaíocht.
33. Titfidh táille ballraíochta don Chlub le n-íoc ar an gcéad lá Eanáir gach bliain, agus ball go bhfuil a t(h)áille ballraíochta dhá mhí thar téarma, éireoidh sé nó sí as bheith ina b(h)all den Chlub.
34. Duine a éireos d'aon chúis as bheith ina b(h)all den Chlub, ní bheidh aon éileamh aige nó aici ar mhaoin an Chlub, ná ní thabharfar thar n-ais dó nó di aon chuid dá t(h)áille

ballraíochta.

35. Ball a ghníonn, i dtuairim thiomlath an Choiste, in éadan Rialacha nó Fodhlíthe an Chlub, beidh sé nó sí i nguais go ngearraí fíneáil nach mó ná €100 air nó uirthi nó go gcuirfí é nó í ar fionraí go ceann achair nach faide ná sé mhí, nó go bhfíneálfaí é nó í agus go gcuirfí ar fionraí é nó í le chéile, faoi rogha an Choiste, agus ní bheidh ball de leithéid sin, i dteideal bheith páirteach in aon cheann de phribhléidí na mball, go dtí go n-íocfar an fhíneáil sin ná go dtí go mbeidh achar na fionraí sin istigh.

36. Más gontach é iompar aon bhall (Cuma istigh sa Chlub nó lasmuigh) do charachtar, folláine nó leasa an Chlub — i dtuairim trí cheathrú de na baill a bheas i láthair ag cruinniú Coiste a thionólfar go speisialta — beidh sé de chumhacht ag an gCoiste glaoch air nó uirthi chun míniú a thabhairt, agus, tar éis faill a thabhairt dó nó di é nó í féin a chosaint, glaoch air nó uirthi trí litir a chur tríd an bpost éirí as a b(h)allraíocht.

Mura n-éiríonn an ball as a bhallraíocht laistigh de sheacht lá ón litir a phostáil chuige nó chuici, measfar é nó í bheith díbhríthe as an gClub.

Beidh sé de cheart ag an mball sin, ámh, achomharcadh d'Ollchruinniú Speisialta a thionólfar de réir riail 40.

CUAIRTEOIRÍ AGUS NA DLITHE UM CHEADÚNÚ

37. Ní sholáthrófar deoch ionmháil d'aon chuariteoir in áitreabh an Chlub ach ar cuireadh agus i gcomhlúadar baill, agus, go díreach ar theacht isteach don chuariteoir sin in áitreabh an Chlub, nó go díreach ar sholáthar dí dó nó di, déanfaidh an ball sin a (h)ainm féin agus ainm agus seoladh an chuariteora a scríobh i leabhar a choinneofar don ghnó, agus a thaispeánfaidh dáta gach cuairte. Ní thabharfar aon chuariteoir isteach sa Chlub níos mó ná cúig huaire déag i rith aon bliana amháin.

38. Cloíonn an Club leis na hAchtanna um Clárú Clubanna 1904 go 2000.

Maidir le huairteanta oscailte agus freastal ar dheochanna ionmhálaithe, cloíonn an Club le halt 3 agus 7 den Acht Deochanna Meisciúla, 2000 arna leasú ag Alt 10 den Acht Deochanna Meisciúla, 2003, a rialaíonn na huairteanta sin.

Is mar seo a leanas a bheas an club in ann oscailt chun deochanna ionmhálaithe a fhreastal:

Lá Fhéile Pádraig idir 1230 agus 0030 an lá ina dhiaidh.

Ar an 23ú Nollaig má thiteann sé ar Domhnach idir 1030 agus 2330

Oíche Nollag agus oíche Aoine Chéasta idir 1030 agus 2330

Oíche aon lá saoire poiblí (seachas Oíche Nollag)

Más dálach an oíche, idir 1030 agus 0030 ar an lá ina dhiaidh sin

Nó más Domhnach, idir 1230 agus 0030 an lá ina dhiaidh.

Aon Domhnach eile (seachas Lá Fhéile Pádraig a thiteann ar an Domhnach) idir 1230 agus 2300,

Aon Luan, Máirt, Céadaoin nó Déardaoin 1030 agus 2330

Aon Aoine nó Satharn eile idir 1030 agus 0030 an lá ina dhiaidh sin

39. Tionólfar Ollchruinniú de na baill gach bliain, ar dháta i mí na Nollag ar a gcinnfear ag an gCoiste, chun gnó ginearálta an Chlub a chur i gcrích, agus go sonrach chun tuairisc an Rúnaí Oinigh, Tuairisc an Iniúcháin, agus Ráiteas na gCuntas a fháil agus a phlé,

chun Rialacha a athbheithniú, chun an Coiste agus Iniúchóir an Chlub agus an Coiste Airgeadais a thoghadh.

40. Fógroídh an Rúnaí Oinigh Ollchruinniú speisialta ar ordú an Choiste, nó ar iarratas faoi láimh ó nach lú na fiche ball den Chlub, Ní mór don iarratas an cuspóir dá bhfuil an cruinniú le tionóladh a shonrú agus ní mór dó an Rúnaí Oinigh a shroisint tráth nach déanaí ná ceithre lá déag roimh an dáta molta i gcomhair an chruinnithe. Ar an iarratas sin a fhail beidh sé de dhualgas ar an gCoiste Ollchruinniú a fhógairt gan mhoill. De cheal fógra a eisiúint laistigh de dheich lá tar éis an iarratais ag fógairt an chruinnithe sin, tig le haon deichniúr ball orthu siúd a shínigh an t-iarratas, tig leo fógra a eisiúint ag fógairt na hOllchruinnithe. Is leor an fógra sin má fhoilsítear é in aon dá nuachtán (ag fógairt Ollchruinnithe speisialta). Ní héisteofar le haon tairiscint, ach amháin tairiscint scoir go hathló, nó vóta buíochais, seachas an tairiscint gur fógraíodh an cruinniú sin mura n-aontófar leis ag trí ceathrú de na baill i láthair ansin.
41. Seolfar “Fógra Ollchruinniú na mBall” chuig gach ball fiche a haon (21) lá ar a laghad roimh dháta an Ollchruinnithe sin, chomh maith le foirmeacha ainmnithe don Choiste, cuireadh rúin a chur isteach don Ollchruinniú agus liosta na mBall agus na réiltíní cuí taispeánta leo agus míniú ar na réiltíní sin, agus taispeánfar aon spriocdhátaí a bhaineann le gnó an Ollchruinnithe sin.
42. Le haontoil an chruinnithe, tig leis an té a bheidh i gceannas ar aon Ollchruinniú an céanna a chur ar athló ó am go ham ach ní mheasfar d’aon athchruinniú gur aon rud níos mó é ná fadú ar an gcéad chruinniú, agus ní bheidh sé ar a chumas aon ghnó a chur i gcrích nach gnó é a d’fhéadfaí a chur i gcrích go cuí ag an gcéad chruinniú.
43. Togfar Cuntasóir faoi Chairt, nó comhlacht de Chuntasóirí faoin Chairt, ag na baill a bheidh i bhfíorláthair ag Ollchruinniú na mBall, chun gnóthú mar Iniúchóir nó Iniúchóirí i gcuntais an Chlub.

Dualgais an Rúnaí Oinigh agus an Choiste Airgeadais

44. Beidh ar an Rúnaí Oinigh gach cruinniú a fhógairt agus freastal orthu go léir, miontuairiscí cruinne agus sonraí tinrimh a choinneáil, gach scéala agus comhfhreagras a admháil agus a thabhairt faoi bhráid an Choiste ag an gcéad chruinniú eile, clár gnó a réiteach le haghaidh gach cruinnithe, tuarascáil ar chúraimí an Chlub a thairiscint ag gach Ollchruinniú, agus i gcoitinne, orduithe an Choiste a chomhlíonadh.
45. (a) Déanfar gach airgead a íocfar leis an Chlub a chur chun sochair an Chlub i mBanc, i gCumann Foirgníochta nó i gComhar Creidmheasa a roghnóidh an Coiste é.
- (b) Coinneofar cuntais agus leabhair bheachta a thaispeánfaidh cúraimí airgeadais agus fáltais agus caiteachais an Chlub, agus beidh siad sin go léir réidh. nuair a ghlaofar orthu, lena gcur faoi bhráid an Choiste Airgeadais.
46. Ag Ollchruinniú na mBall toghfar Coiste Airgeadais, amháin is a cheaptar an Coiste (Riail 8) ar a mbeidh cúigear ball, agus gan aon duine acu ina b(h)all de Choiste an Chlub. Má cheaptar aon duine acu ina b(h)all de Choiste an Chlub, éireoidh sé nó sí as an gCoiste Airgeadais. Líonfar aon fholúntas trí chomhthoghadh. Tiofadh Coiste an Airgeadais le chéile uair sa mhí nó am ar bith eile sa bhliain ar lá nó ar dháta ar bith a chinneas an Coiste sin, chun seasamh airgeadais an Chlub agus na faltais agus an caiteachas a scrúdú. Toghfadh an Coiste Cathaoirleach a ghlaofas na cruinnithe le

chéile. Coinneoidh an Cathaoirleach nó duine eile den Choiste a cheapadh an Coiste miontuairiscí de gach aon chruinniú. Ullmhóidh an Cathaoirleach tuairisc bhliantúil dOllchruinniú na mBall.

47. Gach airgead a thagann isteach cuirfear é chun sochair an Chlub. Ní mór gach aon seic a bheith sínithe ag beirt bhall den Choiste a bheidh ainmnithe chuige sin ag an gCoiste. Tig leis an gCoiste níos mó ná beirt dá líon a ainmniú mar shínitheoirí. Ar na sínitheoirí sin aireofar an Cathaoirleach agus an Rúnaí Oinigh.

Níl cead iasacht bhainc a ghlacadh gan sínithe na n-iontaobhaithe agus rún ar leith ag CCB nó Ollchruinniú Speisialta Ball. Tá cead iasacht bhainc a ghlacadh gan na coinníollacha thuasluaite, sa chás go bhfuil rótharraingt bainc le glanadh agus sa chás sin níl cead níos mó ná €5,000 (cúig mhíle) sa bhreis ar an rótharraingt a ghlacadh i bhfoirm iasachta.

47a.

- i. Beidh sé de chumhacht ag an gCoiste iasacht a fháil, chun críche an Chlub, trí rótharraingt, iasacht théarmach, chuntas iasachta, nó eile, ó Bhanc an Chlub, ar a ngearrfar ús de réir na saoráide arna ceadú, de shuim airgid ag aon am amháin nó ó am go ham nuair a mheasfaidh an Coiste is cuí. Déanfar a leithéid d'iasachtaí in ainmneacha na n-iontaobhaithe agus cuirfear a leithéid d'iasachtaí agus an t-ús a ghearrfar orthu faoi úrrús trí bhillí malairte, nótaí gealltanais nó oibleagáidí úrrúis eile an Chlub a eisiúint nó trí mhorgáiste nó trí mhuirear ar an maoin uile de chuid an Chlub, nó aon chuid di. As a aithle sin, déanfaidh na hiontaobhaithe, le hordú an Choiste, maoin de chuid an Chlub, nó aon chuid di, a dhiúscairt agus rachaidh siad in aon chomhaontú ina leith sin, nuair a mheasfaidh an Coiste is cuí, chun a leithéid d'urrús a thabhairt.
- ii. Faigheann an Coiste iasacht, chun críche an Chlub, trí rótharraingt, iasacht théarmach, chuntas iasachta, nó eile, ó Allied Irish Banks, c.p.t. (Banc an Chlub), ar a ngearrfar ús de réir na saoráide arna ceadú, de shuim airgid ag aon am amháin nó ó am go ham nuair a mheasfaidh an Coiste is cuí. Déanfar a leithéid d'iasachtaí in ainmneacha na n-iontaobhaithe agus cuirfear a leithéid d'iasachtaí agus an t-ús a ghearrfar orthu faoi úrrús trí bhillí malairte, nótaí gealltanais nó oibleagáidí úrrúis eile an Chlub a eisiúint nó trí mhorgáiste nó trí mhuirear ar an maoin uile de chuid an Chlub, nó aon chuid di. As a aithle sin, déanfaidh na hiontaobhaithe, le hordú an Choiste, maoin de chuid an Chlub, nó aon chuid di, a dhiúscairt agus rachaidh siad in aon chomhaontú ina leith sin, nuair a mheasfaidh an Coiste is cuí, chun a leithéid d'urrús a thabhairt.

IONTAOBHAITHE

48.(a) Beidh ar a laghad triúr agus ar a mhéad cúigear iontaobhaithe ag an gClub.

Caithfidh gach iontaobhaí a bheith ina bhall den club. Is féidir leis an gCoiste nó le ball, mar aon le cuiditheoir, duine a ainmniú chun bheith ina iontaobhaí. Toghfaidh na Baill na hiontaobhaithe ag Ollchruinniú na mBall. Líonfar aon fholúntas ina líon ar an dóigh chéanna.

(b) Beidh sé de dhualgas ar an gCoiste teagmháil a dhéanamh leis na hiontaobhaithe roimh Ollchruinniú na mBall agus a chinntiú go mbeidh siad sásta bheith ina n-iontaobhaithe don bhliain dar gcionn. Mura mbeidh, tabharfaidh an rúnaí fógra do na baill uile ar an ngnáthbhealach go réachtálfar toghchán ag Ollchruinniú na mBall chun

an folúntas/na folúntais i líon na n-iontaobhaithe a líonadh.

49. An t-áitreabh gur de mhaoin an Chlub é, faoi réir aontaithe le Coiste Gnó an Chonartha, beidh sé dílsithe sna hiontaobhaithe a ghnóthóidh de réir a dhírítear dóibh ag an gCoiste nó ag rún a rithfear ag Ollchruinniú. Beidh sé de cheart aon iontaobhaí nó iad uile a chur as oifig trí rún a rithfear ag Ollchruinniú arna thionóladh go cuí don ghnó.
50. Ar éirí as oifig don iontaobhaí dílseofar sna hiontaobhaithe marthanacha an uile cheart gur féidir a bhí ag iontaobhaí ar éirí as oifig dó nó dí agus an uile mhaoin dá raibh eastait dlí dílsithe ann go dtí go gceapfar iontaobhaí nua agus síneoidh sé nó sí duine éigin thar a c(h)eann do na hiontaobhaithe marthanacha nó don iontaobhaí agus iad ag gnothú le lántoil agus díriú an Choiste ar ceart chun an fhoráil seo a chur i bhfeidhm. Dá dtarlódh nach mbeidh iontaobhaí ar bith in oifig ann ag aon am, ansin, go dtí go gceapfar iontaobhaithe nua, dílseofar cearta agus dualgais na n-iontaobhaithe deireanacha i gCoiste an Chlub agus dílseofar an céanna sna hiontaobhaithe nua ar cheapadh dóibh. Is iad na hiontaobhaithe a agróidh agus a agrófar thar cheann an Chlub.
51. Is iad na hiontaobhaithe a choinneos seilbh ar gach gníomhas, doiciméad teidil agus urrús de chuid an Chlub agus déanfaidh siad cibé dícheall, ar chostais an Chlub, a mheasfaidh siad a bheith riachtanach chun a gcaomhnú is a mbuanchoimeád agus beidh siad freagrach i gcaomhnú an uile sin de gníomhais, doiciméid agus urrúis go dtugtar a seilbh nó a riaradh dóibh, agus tabharfaidh siad ar aird do na hiniúcháirí iad le hiniúchadh pé uair a ghlaotar orthu chuige sin le rún Ollchruinnithe agus tabharfaidh siad uathu iad don té is Rúnaí Oinigh don Chlub de thuras na huair, ach ní bheidh aon fhreagracht phearsanta orthu seachas a ualaíonn an dlí orthu. Más éigean diontaobhaí suim nó suimeanna ina bhfágtar é nó í freagrach mar iontaobhaí a íoc, i gcás don Chlub a éirí docmhainneach agus aisíoc an tsuim nó na suimeanna nó aon choda de a bheith thar chumas an Chlub, beidh sé de cheart ag an iontaobhaí nó na hiontaobhaithe sin an dlí a agairt ar na baill agus páirt chomhréireach d'aon suim nó suimeanna den sórt sin a ghnóthú ó na baill.

Ginearálta

52. Ach amháin le cead an Choiste, ní shocrófar nó ní leagfar in aon ait in áitreabh an Chlub Fógra, Fógraíocht nó Foilsíú d'aon chineál taobh amuigh díobh sin a bhainfidh le tabhairt amach a thionólfar sa Chlub nó thar a cheann.
53. Gan chead an Choiste a fhail roimh ré, ní choireoidh aon bhall, dream ball nó Fochoiste aon tabhairt amach nó aíocht fhoirmiúil i gcomhair cuairteoirí agus nuair a bheifear ag iarraidh an chead sin ní mór a n-ainmneacha sin a bheas freagrach i ndeá-iompar na n-imeachtaí a thabhairt don Choiste.
54. Breithiúnas ar bith den Choiste, nó dOllchruinniú, ní leasóidh ná ní sháróidh aon Oifigeach nó ball den Chlub é.
55. D'aon ghnó chun cloí le forálacha na nAchtanna um Clarú Clubanna, 1904-1962, agus aon Achta a leasos nó a athros an céanna tig leis an gCoiste ó am go ham na Rialacha a leasú nó cur leo, ach thar a bhfuil ráite thuas, ní dhéanfar aon Riail nua, ná ní leasófar, ní athrófar ná ní chealófar aon Riail atá ann ach le haontoil dhá thrian na mball a bheas i láthair ag Ollchruinniú na Nollag, mura bhfaighidh an Rúnaí Oinigh agus mura gcuirfear ar taispeáint ar an gClár Fógra, seacht lá roimh an gcruinniú sin a thionól,

fógra tairiscinte na Rialacha nua nó an athraithe sin, maille le hainmneacha an mholtóra agus an chuiditheora.

56. Seachas cúiteamh ar sheirbhísí gairmiúla arna dtabhairt ar achaine an Choiste, ní bhfaighidh aon bhall, ar scath nó ar shlí ar bith, aon bhrabús, tuarastal ná luach saothair as ciste ná imeachtaí an Chlub.

57. Ag aon Ollchruinniú má rithfear rún go ndíscaoilfí an Club ag tromlach na mBall a bheas i láthair, agus má neartófar an Rún sin ag tromlach dhá thrian de na baill a chaitheas vóta air ag Ollchruinniú Speisialta a thionólfar tráth nach déanaí ná mí tar éis an uile fhéichiúnas a ghlanadh, dáilfidh siad an fuílleach go cothromach ar bhaill na huaire sin agus ar chríochnú don dáileadh sin díscaoiltear an Club.

Agusín A

is iad Bun-Bhaill an Chlub ná an 60 ball seo leanas

Aindrias Ó Muimhneacháin	Mairéad Uí Dhomhnaill
An Ceannfort M Ó Murchú	Mathún Ó Gráda
An tAthair Athanáis	Mícheál Mac Aonghusa
An tAthair Liam Mac an tSagairt	Mícheál Mac Cárthaigh
Aodh Ó Fearghaill	Mícheál Ó Murchú
Aodh Ó Luaois	Mícheál Óg Ó Marnáin
Bríd Nic Chormaic	Moya Ní Thuathail
Cáit Breathnach	Oilibhéar Mac an Mhacaire
Caitriona Ní Chonghaile	Pádraig Mac a tSionnaigh
Caoimhín Etchingham	Pádraig Ó hEidhin
Cathal Ó Feinneadha	Pádraig Ó hIcedha
Colm Mac Cumhaill	Pádraig Ó Meara
Daithí Mac Réamoinn	Pádraig Ó Mianáin
Deasún Breatnach	Pádraig Ó Riain
Dónal Ó Ríagáin	Proinnsias Ó Duinn
Dónall Ó hUallacháin	Réamoinn Ó Cianáin
Donnchadh Ó Súilleabháin	Risteard Mac Siacuis
Donnchadh Ó hAodha	Risteard Ó Murchú
Eoin Ó Riain	S Mac Loingsigh
Finian Ó Maoilmhíchíl	S Ó Catháin
Fiona Ní Chinnsealaigh	Séamas Puirseíl
Helmí Putz	Séamus B Ó Donnchadha
L Ó Ceallaigh	Séamus Mac Con Uladh
L Ó hIcedha	Séamus Ó Tallamhain
Liam Ó Conchubhair (Baile Átha Cliath)	Seán Mac Gearailt
Liam Ó Conchubhair (Béil Feirste)	Seán Ó Dálaigh
Liam Ó Donnchadha	Seán Ó Labhra
Liam Ó Maoldomhnaigh	Seosamh Ó Coinnigh
Máire Ní Shioradáin	Tadhg Duinnín
	Tomás Mac Ruairí

Aguisín B

Is é seo a leanas an chéad Choiste:

Cathaoirleach	Dáithí Mac Réamoinn
Leas-Chathaoirleach	Pádraig Ó Riain
Rúnaí	Donnchadha Ó Suilleabháin
Leas-Rúnaí	Mairéad Bean Uí Dhomhnaill
Ochtar eile	Sean Ó Dálaigh
	Caoimhin Etchingham
	Aodh Ó Fearghail
	Mathún Ó Gráda
	Pádraig Mac a tSionnaigh
	Réamonn Ó Cianáin
	Cáit Breathnach
	Donnchadh Ó hAodha

Measadh gur éirigh gach iontaobhaí marthanach as oifig ag Ollchruinniú na mBall, 2011 agus toghadh cúigear iontaobhaithe nua .i. Dónal Mac Ionraic, Máire Ni Laoi, Peadar T. Mac Ruairí, Deirdre Nic Éanruig agus Colleen Dollard.

IONTAOBHAITHE AN CHLUB agus bliain an Ollchruinnithe a dtofa

Dónal Mac Ionraic (2011)
Máire Ni Laoi (2011)
Peadar T. Mac Ruairí (2011)
Deirdre Nic Éanruig (2011)

Nóta: Ní mór aguisín A agus B a bheith taispeánta, ceangailte, agus priontáilte i gcónaí leis an mBunreacht seo, agus na hiontaobhaithe reatha a bheith liostáilte freisin.

Nóta: Thit iontaobhaidh Eithne Frost toisc nár íocadh táille bhallaíochta 2009.

Nóta: D'éirigh Colleen Dollard as a bheith ina hiontaobhaí Dé Céadaoin, 18 Iúil 2012.

1.1. Bunrialacha an Choiste Gnó agus an Bhuanchoiste

Má bhristear an riail sin agus má éiríonn an Cathaoirleach as an gcathaoir dá bharr sin, beidh deireadh le hobair an Choiste ag an gcruinniú sin agus aon ghnó a dhéanfar ina dhiaidh sin ag an gcruinniú sin beidh sé mídhlisteanach.

16. Cuirfear miontuairiscí gach cruinniú os comhair an chéad chruinnithe eile den Choiste Gnó le cinntiú agus chun go ndearbhódh an Cathaoirleach iad. Tar éis a ndearbhaithe mar sin glacfar leo mar chuntas beacht ar an méid a tharla.
17. (a) Is ar an Ard-Rúnaí a bheidh sé de chúram gach tuarascáil nó fógra oifigiúil dá ngluaiseann ón gCoiste nó ó Fhochoiste ar bith atá faoi smacht an Choiste Gnó a chur amach lena fhoilsíú.

(b) Is trí rúnaíocht an Chonartha amháin a phoibleofar socrúithe na gCoistí Ceannais nuair a chinntear ar iad a phoibliú.
18. Beidh an tUachtarán ina b(h)all de gach fochoiste oifige.
19. I gcás vótála cothroime ag cruinniú beidh vóta réitithe ag an gCathaoirleach.
20. Comhfhreagracht:
(a) (i) Tá comhfhreagracht i bhfeidhm go hiomlán i dtaca le hionadaíocht ag daoine ar choistí seachtracha nó ar eagraíochtaí gaolmhara thar ceann an Choiste Gnó ó thaobh labhartha is vótála de.

(ii) Tá comhfhreagracht i bhfeidhm i measc bhaill an Bhuanchoiste ag an gCoiste Gnó i dtaca le moltaí nó socrúithe an Choiste sin; ceadáítear, áfach, do bhaill an Bhuanchoiste labhairt in éadan mholtaí an Bhuanchoiste ag cruinnithe den Choiste Gnó ach ní mór dóibh vótáil ar a son.

(iii) Tá comhfhreagracht i bhfeidhm i measc bhaill an Choiste Gnó ag an Ard- Fheis i dtaca le moltaí nó socrúithe an Choiste sin.

(b) Níl cead ag baill an Choiste Gnó ach glacadh le leasuithe gur leasuithe soiléirithe iad ar rúin an Choiste Gnó nó leasuithe soiléirithe dá leithéid a mholadh ag an Ard-Fheis.
21. Toghcháin agus Ionadaíocht
(a) Is san ord seo a ghlacfar le mír na dtoghán ag an gcéad chruinniú den Choiste Gnó i ndiaidh na hArd-Fheise:
Buanchoiste; Coiste Gnó; Ionadaithe, Meithleacha

(b) Aon duine a cheapfar mar ionadaí thar ceann an Chonartha, cuirfidh an duine sin tuairiscí thráthrialta ar fáil don Choiste Gnó, nó ar iarratas ón Uachtarán nó ón Ard-Rúnaí

(Aibreán 2006)